Polasaí um Chosaint Sonraí na RGFCS

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection

Polasaí um Chosaint Sonraí na RGFCS

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 4

2. Scóip & cuspóir 5

3. Freagracht i leith an pholasaí seo 5

4. Prionsabail um Chosaint Sonraí 6

4.1 Caithfear sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cóir agus go trédhearcach 6

4.2 Ní féidir sonraí pearsanta a bhailiú ach i gcomhair cuspóirí sonracha, follasacha agus dlisteanacha amháin 6

4.3 Caithfidh sonraí pearsanta a bheith fónta, a bheith ábhartha, agus a bheith teoranta dá bhfuil gá lena phróiseáil (íoslaghdú sonraí) 7

4.4 Caithfidh sonraí pearsanta a bheith cruinn agus nuashonraithe agus caithfear gach iarracht a dhéanamh iad a scrios nó a cheartú gan mhoill 7

4.5 Níor chóir sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm inar féidir an custaiméir a aithint ach an fhad is a bhfuil gá leo i gcomhair próiseála 7

4.6 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí 7

4.7 Freagracht as comhlíonadh a léiriú 7

5. Cearta dhaoine aonaracha a mbailítear a gcuid sonraí 8

5.1 Ceart rochtana an chustaiméara 8

5.2 Ceart ceartaithe 8

5.3 Ceart scriosta (ceart chun a bheith dearmadta) 8

5.4 Ceart ar shrianadh próiseála 8

5.5 Ceart ar inaistritheacht shonraí 8

5.6 Ceart agóide 8

5.7 Ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe 9

5.8 Ceart chun gearán a dhéanamh 9

6. Freagrachtaí na Roinne 10

6.1 Na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chinntiú 10

6.2 Taifead ar phróiseáil sonraí a choimeád 10
6.3 Comhaontuithe cuí a chur i bhfeidhm le tríú páirtithe 10
6.4 Aistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch 10
6.5 Cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain 10
6.6 Measúnachtaí tionchair um chosaint sonraí 10
6.7 Sáruithe ar shonraí pearsanta 11
6.8 Saoráil Faisnéise 11
6.9 Rialachas 11
7. Freagrachtaí an Oifigeach Cosanta Sonraí 13
8. Freagrachtaí ball foirne agus páirtithe cosúla 14
8.1 Oiliúint agus feasacht 14
8.2 Na torthaí as mainneachtain comhlíonadh 14
9 Na háiteanna ar féidir leat dul má bhíonn ceisteanna agat faoin mbeartas cosanta sonraí 15
10. Rialú leagain 16

Polasaí um Chosaint Sonraí na RGFCS

1. Réamhrá

Tá sé mar chúram ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) seirbhísí fostaíochta a chur ar fáil agus córas cosanta sóisialaí a riaradh. Is é misean na Roinne ná:

"Rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsiú sa sochaí a chur chun cinn trí fhóirdheontais ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile a chur ar fáil."

Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne ná:

- comhairle a chur ar an Rialtas agus polasaithe cuí coimirce sóisialaí agus cuimsithe shóisialta a cheapadh;
- fóirdheontais ioncaim éifeachtach agus cost-éifeachtúil, gníomhúchtáin agus seirbhísí fostaíochta, comhairle do chustaiméirí agus seirbhísí gaolmhara eile a fhorbairt agus a sheachadadh;
- oibriú chun seachadadh seirbhísí gan uaim a chur ar fáil i gcomhar le Ranna Rialtais, le Gníomhaireachtaí agus le Forais eile; agus
- chun calaois agus mí-úsáid laistigh den chóras cosanta sóisialaí a rialú.

Tá an Roinn tiomanta do chearta agus príobháideachas na ndaoine aonair a chosaint faoi réir reachtaíocht um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Éilítear ar an Roinn sonraí pearsanta fhostaithe, chustaiméirí, sholáthraithe agus dhaoine aonaracha eile a phróiseáil go dleathach & go cóir chun a misean agus a cuid feidhmeanna a bhaint amach.

Tugann an reachtaíocht um chosaint sonraí cearta do dhaoine aonaracha agus cuireann sí freagracht orthu sin a bhíonn ag próiseáil sonraí pearsanta. Leagann an polasaí seo amach an bealach a dtugann an Roinn faoi shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chinntiú go dtuigeann an fhoireann na rialacha a rialaíonn an úsáid a bhaineann siad as sonraí pearsanta ar a bhuil rochtain acu orthu ina gcuid oibre.

Tagann Rialachán um Chosaint Sonraí Ginearálta an AE (GDPR EU 2016/679) in ionad Treoir um Chosaint Sonraí 95/46/EC, agus tá sé deartha chun dlithe príobháideachais feadh na hEorpa a chomhchuibhiú, chun príobháideachas shonraí shaoránaigh an AE a chosaint agus a chumhachtú agus chun athchruthú a chur ar an mbealach a dtugann eagraíochtaí feadh an réigiúin aghaidh ar phríobháideachas sonraí. Cuirfear an GDPR i bhfeidhm ón 25ú Bealtaine 2018. (inniu) Tá nuashonrú déanta ar an leagan seo de pholasaí na Roinne chun an GDPR a léiriú.

2. Scóip & cuspóir

Tá feidhm leis an bpolasaí seo maidir le feidhmeanna proiseála sonraí ar dhaoine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta, ar a bhfuil na feidhmeanna a déantar ar chustaiméirí, ar fhostaithe, ar sholáthraithe agus aon sonraí pearsanta eile a phróiseálann an Roinn is cuma cén foinse.

Déantar sainmhíniú ar Sonraí pearsanta mar aon eolas a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta (custaiméir); is duine é duine nádúrtha irnaitheanta ná duine ar feidir a aithint go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh do aitheantóir ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí láthair, aitheantóir ar líne nó do ghné amháin ar leith nó níos mó a bhaineann le féiniúlacht fhisiciúil, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Catagóirí speisialta shonraí pearsanta – sonraí pearsanta a léiríonn bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitíochta, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta, ballraíocht chomharchumainn, agus próiseáil shonraí ghéiniteach agus bhithmhéadrach chun duine nádúrtha a aithint go sainiúil, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó claonadh gnéis dhuine nádúrtha.

3. Freagracht i leith an pholasaí seo

Is ar an Rilaitheoir Sonraí, an tArd-Rúnaí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir leis an bpolasaí seo. Tá an tAire, na hAirí Sóisiaracha, an tArd-Rúnaí, an Leas-rúnaí, na hOifigigh Sinsearacha agus Rúnaithe Cúnta na Roinne tiomanta ar gach dlí cui an AE agus na hÉireann a bhaineann le sonraí pearsanta a chomhlíonadh agus chun cearta agus saoirse dhaoine aonaracha a bhailíonn agus a phróiseálann an Roinn a gcuid eolais a chosaint.

Tá freagracht ar Oifigigh Sinsearacha, ar Rúnaithe Cúnta agus ar Phríomhoifigigh a chinntiú go gcuirtear an polasaí seo i bhfeidhm ina gcuid Rannóga faoi seach. Tá an fhreagracht ar bhainisteoirí ag gach leibhéal a thaispeáint go bhfuil an polasaí seo curtha i bhfeidhm.

Tá freagracht ar gach ball den fhoireann polasaithe um chosaint sonraí na Roinne a chomhlíonadh.

4. Prionsabail um Chosaint Sonraí

Caithfear aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanamh de réir na bprionsabail um chosaint sonraí atá leagtha amach i reachtaíocht ábhartha. Tá polasaithe agus nósanna íimeachta na Roinne deartha chun a chinntiú go gcloífear le na prionsabail seo a leanas:-

4.1 Caithfear sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cóir agus go trédhearcach

Go dleathach - bíonn an bunús dlí le sonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe de ghnáth ar reachtaíocht ábhartha. Déanann an Roinn scéimeanna reachtúla agus scéimeanna riaracháin araon a riaradh. Is é alt ábhartha Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 agus an reachtaíocht ábhartha do gach scéim reachtúil an bonn dlíthiúil do scéimeanna reachtúla.

Tá cead ag an Roinn de réir dlí eolas a phróiseáil chun a scéimeanna agus a príomhfheidhmeanna a riaradh. Tá reachtaíocht shonrach in Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú) agus tá achoimre ar leith tugtha ar fhorálacha do phríomh scéimeanna na Roinne. Chomh maith leis sin, bronnann Bunreacht na hÉireann (alt 28(2)) agus Achtanna Airí agus Rúnaithe 1924 go 2017 cumhacht fhoriomlán ar an Rialtas chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil

Go cóir - chun go mbeidh an phróiseáil cóir, caithfidh an Roinn eolas ar leith a chur ar fáil do na custaiméirí. Tá feidhm leis seo más díreach ó na custaiméirí nó ó fhoinsí eile a fuartas na sonraí pearsanta.

Go trédhearcach - cuireann an Roinn an t-eolas riachtanach ar fáil do na custaiméirí ag an am a mbailítear na sonraí persanta. Cinntíonn an Roinn go bhfuil an t-eolas a cuirtear ar fáil mionsonraithe agus sonrach, agus go bhfuil fógraí mar seo intuigthe agus inrochtana, ag baint úsáide as chaint shoiléir agus fhollasach. Chun na riachtanais thuas a chothromú, cuireann an Roinn polasaithe cuí i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin. Caithfidh eolas ar shonraí pearsanta a bailíodh díreach ón gcustaiméir agus ó fhoinsí eile a bheith mar chuid den eolas a cuirtear ar fáil. B'fhéidir go nglacfadh an Roinn le íocóin chaighdeánaithe amach anseo.

4.2 Ní féidir sonraí pearsanta a bhailiú ach i gcomhair cuspóirí sonracha, follasacha agus dlisteanacha amháin

Is i gcomhair na gcuspóirí faoinar bailíodh iad, agus cuspóirí a bhaineann leo amháin a bhailíonn agus a phróiseálann an Roinn sonraí pearsanta

4.3 Caithfidh sonraí pearsanta a bheith fónta, a bheith ábhartha, agus a bheith teoranta dá bhfuil gá lena phróiseáil (íoslaghdú sonraí)

Cinntíonn an Roinn, nuair atá sí ag dearadh modhanna chun sonraí a bhailiú, más ar líne, ar fhoirmeacha nó trí oifigí é nach ndéanfar próiseáil ach ar na sonraí pearsanta a bhfuil gá leo chun an/na custaiméir(í) a aithint , agus an sochar nó an tseirbhís a chur ar fáil. Gabhann an Roinn athbhreithnithe rialta de láimh ar na sonraí a iarrtar chun a chinntiú go ndéantar íoslaghdú ar an méid sonraí pearsanta a bailítear.

4.4 Caithfidh sonraí pearsanta a bheith cruinn agus nuashonraithe agus caithfear gach iarracht a dhéanamh iad a scrios nó a cheartú gan mhoill

Tá sé de cheart ag gach custaiméir a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí cruinn agus iomlán. Teastaíonn sonraí cruinn agus nuashonraithe ón Roinn chun na sochair agus na seirbhísí cearta a chur ar fáil do na faighteoirí cearta. Tá na modhanna bailithe sonraí ar fad deartha chun a chinntiú go dtógtar céimeanna réasúnacha chun nuashonrú a dhéanamh ar shonraí pearsanta nuair a cuirtear sonraí nua ar fáil. Ba chóir gach athrú ar shonraí pearsanta a roinnt le gach tríú páirtí a raibh na sonraí roimhe sin roinnte leo, murar rud é go bhfuil sé seo dodhéanta nó go bhfuil gá le iarracht díréireach chun é a dhéanamh.

4.5 Níor chóir sonraí pearsanta a choinneáil i bhfoirm inar féidir an custaiméir a aithint ach an fhad is a bhfuil gá leo i gcomhair próiseála

Cuireann an Roinn polasaithe agus modhanna cuí i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcoinnítear sonraí pearsanta ach don bhunthréimhse a bhfuil gá leis chun an tsochar nó na seirbhísí a iarrtar a chur ar fáil. Is féidir é sin a dhéanamh trí shonraí pearsanta a scrios , trí anaithnidiú nó trí aon mhodh cuí eile.

4.6 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach a chinntíonn slándáil chuí

Cuireann an Roinn modhanna teicniúla agus eagraiochtúla cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear slándáil chuí i bhfeidhm ar phróiseáil shonraí pearsanta.

4.7 Freagracht as comhlíonadh a léiriú

Cinntíonn an Roinn go gcoimeádann sí taifid chuí ar a cuid próiseála agus fianaise go gcomhlíonann sí an polasaí seo agus polasaithe agus modhanna a bhaineann leis, de réir Alt 30 GDPR ('Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála').

5. Cearta dhaoine aonaracha a mbailítear a gcuid sonraí

Dearann agus coimeádann an Roinn polasathe, modhanna agus traenáil chuí chun na cearta sonraí chustaiméirí seo a leanas a chur i bhfeidhm.

5.1 Ceart rochtana an chustaiméara

Cuireann an Roinn modhanna i bhfeidhm chun a chinntiú go n-aitnítear agus go gcomhlíontar iarratais ó chustaiméirí chun a gcuid sonraí persanta a rochtain de réir na reachtaíochta.

5.2 Ceart ceartaithe

Tá an Roinn tiomanta ar shonraí cruinne a choinneáil i leith custaiméirí agus cuireann sí próisis agus modhanna i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le custaiméirí a gcuid sonraí a cheartú nuair a aithnítear míchruinneas.

5.3 Ceart scriosta (ceart chun a bheith dearmadta)

Déanann an Roinn próiseáil ar shonraí pearsanta a bhailíonn sí mar go bhfuil bonn reachtúil don phróiseáil. Nuair a fhaigheann an Roinn iarratais ó chustaiméirí ag éileamh a gceart scriosta ansin déanann an Roinn a mheas an féidir na sonraí a scrios gan tionchar a bheith aige ar chumas na Roinne chun tuilleadh sochair agus seirbhísí a chur ar fáil don chustaiméir.

5.4 Ceart ar shrianadh próiseála

Déanfaidh an Roinn a mheas an féidir iarratas an chustaiméara ar phróiseáil a gcuid sonraí a shrianadh a chur i bhfeidhm.

5.5 Ceart ar inaistritheacht shonraí

Déanann an Roinn próiseáil ar shonraí pearsanta a bhailíonn sí mar go bhfuil bonn reachtúil don phróiseáil. Nuair a bhailíonn an Roinn sonraí pearsanta chustaiméirí lena gcomhthoil nó trí chonradh ansin tá sé do cheart ag na custaiméirí na sonraí a fhail i bhformáid leictreonach le tabhairt do rialaitheoir sonraí eile. Táthar ag súil nach mbainfidh sé seo ach le líon beag custaimeirí.

5.6 Ceart agóide

Tá sé do cheart ag custaiméirí agóid a dhéanamh i leith a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil i gcúinsí ar leith. Nuair a fhaightear agóid mar sin, déanfaidh an Roinn gach cás a mheas ar bhonn tuillteanais.

5.7 Ceart gan a bheith faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe

Tá se do cheart ag custaiméirí gan a bheith faoi réir cinneadh a déantar bunaithe ar chinnteoireacht uathoibrithe amháin nuair a bheadh tionchar dlí nó tionchar suntasach air nó uirthi dá bharr. Cinntíonn an Roinn go bhfuil ceart cuí ar fáil don chustaiméir chun achomharc a dhéanamh nuair a bhíonn córais nó próisis á gcur i bhfeidhm a ríomhaíonn sochair nó seirbhísí.

5.8 Ceart chun gearán a dhéanamh

Cuireann an Roinn próiseas gearán i bhfeidhm agus coimeádann sí é trínar féidir le custaiméirí teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí (DPO). Oibreoidh an DPO leis an gcustaiméir chun toradh a fháil ar an ngearán a shásóidh an dá pháirtí. Cuirfear an custaiméir ar an eolas faoina gceart chun a ngearán a chur os comhair an Choimisinéir um Chosaint Sonraí.

6. Freagrachtaí na Roinne

Tá freagracht ag an Roinn as na nithe seo a leanas

6.1 Na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chinntiú

Cuireann an Roinn na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun a chinntiú agus a bheith ábalta fianaise a thabhairt go gcosnaítear sonraí pearsanta i gcónaí.

6.2 Taifead ar phróiseáil sonraí a choimeád

Coimeádann an Roinn taifead dá gníomhaíochtaí próiseála sonraí ar an mbealach atá forordaithe le Rialachán.

6.3 Comhaontuithe cuí a chur i bhfeidhm le tríú páirtithe

Cuireann an Roinn i bhfeidhm comhaontuithe cuí, comhaontuithe déthaobhacha, meabhráin thuisceana agus conarthaí (dá gcomhghairtear "comhaontuithe") leis na tríú páirtithe ar fad a roinntear sonraí pearsanta leo. Tuigtear leis an téarma 'tríú páirtithe' gníomhaireachtaí, ranna, agus próiseálaithe sonraí atá ag gníomhú thar ceann na Roinne. Sonrófar sa chomhaontú feidhm an aistrithe, na ceanglais maidir le leordhóthanacht slándála, an tréimhse athbhreithnithe, an ceart chun próiseáil a fhoircheannadh, an ceart chun srian a chur ar tuilleadh aistrithe do pháirtithe eile, agus cinntiú go bhfreagrófar iarratais ar fhaisnéis agus an ceart chun iniúchóireacht a dhéanamh, i gcás próiseálaithe sonraí.

6.4 Aistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a custaiméirí amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch mura chinnteofar leibhéal cosanta leordhóthanach.

6.5 Cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain

Cuireann an Roinn próisis i bhfeidhm, roimh an am a dheimhnítear an modh próiseála agus ag an am céanna a bhíonn próiseáladh ar bun, chun na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le prionsabail cosanta sonraí a leagtar amach in Alt 4 a chur i bhfeidhm agus cosaintí riachtanacha a chomhtháthú sa phróiseáil chun ceanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a chomhlíonadh.

6.6 Measúnachtaí tionchair um chosaint sonraí

Cuireann an Roinn i bhfeidhm nósanna imeachta agus doiciméadú chun go gcomhlíonfar measúnacht tionchair um chosaint sonraí ar gach cineál

próiséala, agus ach go háirithe orthu siúd a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí nua, agus a chuireann cearta agus saoirsí a custaiméirí i mbaol go mór. Mar chuid den phróiseas seo, roinnfear cóip den mheasúnacht tionchair le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne.
Nuair nach bhfuil an Roinn ábalta bearta a shainaithint a mhaolaíonn na hardrioscaí a shainaithnítear, rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí sula gcuirtear tús leis an bpróiseáil.

6.7 Sáruithe ar shonraí pearsanta

Sainmhíníonn an GDPR 'sárú ar shonraí pearsanta' mar shárú slándála ina thárlaíonn scrios, caillteanas, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta aistrithe, stóráilte nó próiseálaithe ar aon bhealach ar bith eile. (e.g. is iad na sáruithe is coitianta a thárlaíonn ná comhfhreagras a roinntear le tríú páirtí neamhúdaraithe). Measann an Roinn gur sárú ar shonraí pearsanta aon chaillteanas de shonraí pearsanta i bhformáid pháipéar nó dhigiteach.

Forbraíonn agus déanann an Roinn cothabháil ar phrótacal a dhéileálann le sáruithe ar shonraí pearsanta. Leagan an prótacal seo amach an mhodheolaíocht chun déileáil le sáruithe ar shonraí pearsanta agus an bealach a chuirtear an sárú in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí agus do chustaiméirí i gcás ina meastar gur gá sin.

6.8 Saoráil Faisnéise

Cuireann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI) ceangal ar an Roinn faisnéis a fhoilsiú maidir lena gníomhaíochtaí agus faisnéis atá ina seilbh aici, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chustaiméirí.

Tá polasaí ar leith ag an Roinn chun a chinntiú go gcloífear leis an FOI. Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun a chinntiú go gcomhlíontar iarratais ar shonraí pearsanta mar is ceart faoin reachtaíocht um chosaint sonraí nó faoin reachtaíocht FOI.

6.9 Rialachas

Déanann an Roinn monatóireacht ar an reachtaíocht ábhartha ar an mBord um Thionscadal Bainistíochta Sonraí. Obair an Bhoird:

- Faigheann sé tuairiscí rialta ar ghníomhaíochtaí cosanta sonraí ó Rannáin na Roinne.
- Faigheann sé tuairiscí rialta ón Oifigeach Cosanta Sonraí
- Déanann sé athbhreithniú ar mheasúnuithe tionchair maidir le cosaint sonraí agus faomhann nó diúltaíonn sé do dhearadh na ngnéithe de thionscadail a bhaineann le cosaint sonraí.
- Eagraíonn sé iniúchtaí inmheánacha ar aonaid na Roinne um chomhlíonadh an bheartais sin nó cúraimí cosúla

- Déanann sé athbhreithniú ar iarratais ar shonraí roinnt agus ar shocruithe agus chomhaontuithe um chosaint sonraí
- Déanann sé maoirseacht ar aon ghníomhaíochtaí eile den sórt sin a bhaineann le comhlíonadh dhlí an AE & na hÉireann ag an Roinn i réimse an chosaint sonraí.

7. Freagrachtaí an Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ceaptha ag an Roinn. Tugann an OCS tuairisc rialta don Ard-Rúnaí agus don Bhord um Thionscadal Bainistíochta Sonraí. Cuimsíonn freagrachtaí an OCS iad seo a leanas

i. An Bord a choimeád suas le dáta faoi fhreagrachtaí, rioscaí agus shaincheisteanna i leith chosaint sonraí

ii. Gníomhú ar son chosaint sonraí sa Roinn

iii. Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha ar chosaint sonraí

iv. Monatóireacht a dhéanamh ar gach beartas ar chosaint sonraí agus féachaint go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta orthu

v. Monatóireacht a dhéanamh chun féachaint go gcuireann an Roinn oiliúint agus comhairle chuí ar fáil faoi chosaint sonraí do gach ball foirne agus dóibh siúd atá cuimsithe ag an mbeartas seo

vi. Comhairle a thabhairt áit a n-iarrtar maidir leis na measúnuithe tionchair i leith chosaint sonraí agus monatóireacht a dhéanamh chun féachaint go ndéantar na measúnuithe sin a chomhlánú de réir caighdeáin chuí

vii. Comhairle a thabhairt faoi chúrsaí cosanta sonraí ó bhaill foirne, bhaill den bhord agus páirtithe leasmhara eile

viii. Freagra a thabhairt do dhaoine aonair ar nós custaiméirí agus fostaithe ar mian leo fios a bheith acu cén sonraí fúthu atá á gcoimeád ag an Roinn

ix. Monatóireacht a dhéanamh chun féachaint go bhfuil na socruithe cuí um chosaint sonraí curtha i bhfeidhm le tríú páirtithe a láimhseálann sonraí na Roinne agus déanamh cinnte go ndéantar athbhreithniú rialta ar thríú páirtithe

x. Monatóireacht a dhéanamh chun féachaint go ndéantar nuashonrú rialta ar Thaifead na Próiseála Sonraí.

xi. Gníomhú mar phointe teagmhála agus oibriú i gcomhair leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí

8. Freagrachtaí ball foirne agus páirtithe cosúla

Maidir le haon duine a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann na Roinne tá freagracht orthu as an mbeartas seo ar chosaint sonraí a chomhlíonadh.

8.1 Oiliúint agus feasacht

Tabharfar eolas ardaithe feasachta do bhaill foirne nua mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin. Ní mór do gach ball foirne nua an modúil r-fhoghlama a chur i gcrích.

Meabhraítear go leanúnach do gach ball foirne faoina gcuid oibleagáidí cosanta sonraí trí hoibleagáidí bliantúla ar chosaint sonraí a thabhairt dóibh le síniú; feachtais phóstaeir rialta; r-theachtaireachtaí chuig baill foirne ón Aonad Slándála um Fhaisnéis Ghnó (ASFG); r-theachtaireachtaí chuig baill foirne ón Ard-Rúnaí; acmhainní ar láithreán inlín an ASFG; modúl físeáin chorparáidigh agus r-fhoghlama; nuachtlitreacha GDPR agus BISU; seachtainí feasachta rialta; fógra bliantúil faoi oibleagáidí.

8.2 Na torthaí as mainneachtain comhlíonadh

Ábhar fíorthábhachtach don Roinn é comhlíonadh an bheartais seo. Má mhainnítear é a chomhlíonadh cuirtear tú féin agus an Roinn i mbaol.

Mar gheall ar thábhacht an bheartais seo má mhainnítear ceanglas ar bith a chomhlíonadh d'fhéadfadh go nglacfaí gníomh smachta faoi Chód Smachta na Státseirbhíse, agus d'fhéadfadh go gcuirfí smachtbhanna mar thoradh air sin suas go dífhostú agus é sin san áireamh.

9 Na háiteanna ar féidir leat dul má bhíonn ceisteanna agat faoin mbeartas cosanta sonraí

Tá acmhainní ar láithreán gréasáin na Roinne agus ba cheart féachaint orthu siúd ar an gcéad dul síos.

Murar féidir leat freagra ar do cheist a aimsiú ar an láithreán gréasáin tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh le:

An tAonad Slándála um Fhaisnéis Ghnó (ASFG)
Teach Goldsmith
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost: bisu@welfare.ie

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Ríomhphost:dpo@welfare.ie

10. Rialú leagain

Leagan	Dáta	Athruithe arna ndéanamh ag	Tuairisc Athraithe
0.0.1	21 Samhain 2017	TJG	An chéad dréacht den cháipéis ar bheartas i leith chomhlíonadh GDPR
0.0.2	10 Aibreán 2018	Tionscadal GDPR	Leasaithe chun beartais eile na Roinne a chomhlíonadh
0.0.3	23 Bealtaine 2018	ASFG agus GDPR	Athbhreithniú roimh fhoilsiú